Rannán Airgeadas na Scoileanna
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Schools Division Financial
Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath
N37 X659

Ciorclán 0029/2016

Deontais a riarann Rannán Airgeadas na Scoileanna ar Mheánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais

Beidh éifeacht leis na rátaí ón 1 Eanáir 2016

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna an cistiú a leithdháilfear i leith deontais reatha a chur in iúl d'Údaráis Bhainistíochta na Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais.

1. An Deontas Caighdeánach Caipitíochta **€296** in aghaidh an dalta, lúide an ranníocaíocht maidir le tuarastal múinteoirí. Íoctar an deontas ina thrí thráthchuid i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

2. An Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile (SSSF) **€206** in aghaidh an dalta, atá iníoctha ina thrí thráthchuid i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin. Faigheann gach scoil incháilithe deontas an SSSF, rud a ríomhtar ar dtús de réir ráta rollaithe íosta 200 dalta agus ansin de réir rollú na scoile.

3. Deontais le haghaidh Rúnaithe

An Bundeontas Rúnaíochta *	**€37** in aghaidh an dalta
Deontas Rúnaíochta an SSSF **	**€25** in aghaidh an dalta

Ní fhaigheann scoileanna atá ag fostú rúnaithe faoi 'scéim 1978' aon deontais rúnaíochta.

4. Deontais le haghaidh Airíoch

An Bundeontas Airíochais *	**€31** in aghaidh an dalta
Deontas Airíochais an SSSF **	**€19** in aghaidh an dalta

D'fhonn cáiliú do na bundeontais rúnaíochta agus airíochais*, ní mór do scoil figiúr rollaithe 200 dalta ar a laghad a bheith aici. Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta atá i bhfeidhm, suas le líon uasta 350 dalta.

Beag beann ar a rollú, faigheann gach scoil deontais airíochais agus rúnaíochta an SSSF**, a ríomhtar ar dtús de réir ráta rollaithe íosta 200 dalta agus ansin de réir rollú na scoile, suas le líon uasta 350 dalta.

5. An Deontas le haghaidh Ranganna Speisialta **€191** in aghaidh an dalta
Daltaí ar deimhníodh i measúnú síceolaíoch go bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom nó meánach acu agus a fhreastalaíonn ar ranganna speisialta atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

6. Deontais le haghaidh Gaeloideachais agus Oideachas Dátheangach

Gach ábhar a theagasctar trí Ghaeilge	**€103** in aghaidh an dalta
Líon uasta 4 ábhar a theagasctar trí Ghaeilge	**€21** in aghaidh an dalta in aghaidh an ábhair

7. An Deontas Caipitíochta don Lucht Siúil **€201** in aghaidh an dalta

8. An Deontas le haghaidh Leabhar

Scoileanna nach scoileanna DEIS iad	**€24** in aghaidh an dalta
Scoileanna DEIS	**€39** in aghaidh an dalta

9. Deontais le haghaidh Clár

Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	**€60** in aghaidh an dalta
Dalta Idirbhliana	**€95** in aghaidh an dalta
Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí	**€151** in aghaidh an dalta
Fisic agus Ceimic	**€13** in aghaidh an dalta

Hubert Loftus
Rannán Airgeadas na Scoileanna
Aibreán 2016